




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers



FGL don Scoil Uile
*Teagasc, Foghlaim,
Measúnú agus
Tuairisciú*



www.jct.ie

Ag machnamh ar na hathruithe ar an measúnú sa tSraith Shóisearach...



Cén tionchar a bhí acu sin ar **taithí foghlama scoláirí**?

Taithí Foghlama Scoláirí

Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí i dtaca le taithí scoláirí trasna na MRBnna?

Cén ról atá ag an scoláire chun dul i ngleic le hullmhúchán agus le rannpháirtíocht ócáid an MRB

Príomhscileanna

A Bheith Cruthaitheach	Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú	Mé féin a Bhainistiú	Cumarsáid
<p>Samhlú</p> <p>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú</p> <p>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh</p> <p>Foghlaim go cruthaitheach</p> <p>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid</p>	<p>A bheith fiosrach</p> <p>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a luacháil</p> <p>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn</p> <p>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt</p>	<p>Eolas a chur orm féin</p> <p>Cinntí meabhraithe a dhéanamh</p> <p>Spríocanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú</p> <p>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú</p>	<p>Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh</p> <p>Taibhiú agus cur i láthair</p> <p>Plé agus díospóireacht</p> <p>Teanga a úsáid</p> <p>Uimhreacha a úsáid</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh</p>
<p>Obair le Daoine Eile</p> <p>Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint</p> <p>Comhoibriú</p> <p>Meas ar dhifríochtaí</p> <p>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan</p> <p>Foghlaim le daoine eile</p> <p>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>Fanacht Folláin</p> <p>A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach</p> <p>A bheith sóisialta</p> <p>A bheith sábháilte</p> <p>A bheith spioradálta</p> <p>A bheith féinmhuinéach</p> <p>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim</p> <p>A bheith freagrach, slán agus eiticíúil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>A Bheith Liteartha</p> <p>Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt</p> <p>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil</p> <p>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla</p> <p>Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas</p> <p>Mo theanga labhartha a fhorbairt</p> <p>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha</p>	<p>A Bheith Uimheartha</p> <p>Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil</p> <p>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh</p> <p>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna</p> <p>Patrúin, treochothaí agus coibhneasa a fheiceáil</p> <p>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt</p>

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016-2020 (lth. 15-16)

RÉIMSE 2: EISPÉIRIS NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Glacann na scoláirí páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha</p>	<p>Léiríonn na scoláirí leibhéal arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.</p> <p>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibriúch ar bhealach fiúntach.</p> <p>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú.</p> <p>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal cumasach.</p>	<p>Léiríonn na scoláirí leibhéal an-arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.</p> <p>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibriúch ar bhealach an-chuspóireach agus an-táirgiúil.</p> <p>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú, agus tá siad ábalta an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go fiúntach.</p> <p>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal an-chumasach.</p>
<p>Fásann na scoláirí mar fhoghlaimoírí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch</p>	<p>Bionn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.</p> <p>Tacaíonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir foghlama le timpeallacht foghlama atá comhoibriúch agus táirgiúil.</p> <p>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimoírí léiriú maith ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.</p> <p>Mothaíonn na scoláirí go bhfuil siad ábalta a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas a chur in iúl sa phlé ranga. Éisteann siad go hómósach le tuairimí agus le heispéiris a gcomhscoláirí sa rang.</p> <p>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go muiníneach. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus glacann siad leis go bhfuil botúin mar chuid den phróiseas foghlama.</p> <p>Léiríonn siad leibhéal dóthanach de spreagadh chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti.</p>	<p>Bionn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí an-ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.</p> <p>Cruthaíonn agus coinníonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir foghlama timpeallacht foghlama atá comhoibriúch agus táirgiúil.</p> <p>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimoírí léiriú maith comhsheasmhach ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.</p> <p>Cuireann na scoláirí a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas in iúl sa phlé ranga go muiníneach. Tá meas acu agus suim acu i dtuairimí agus eispéiris a gcomhscoláirí sa rang.</p> <p>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go han-mhuiníneach. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus tuigeann siad an luach atá le botúin a dhéanamh, ag baint úsáide astu mar dheiseanna foghlama.</p> <p>Léiríonn siad leibhéal ard de spreagadh, agus baineann siad taitneamh as páirt a ghlacadh agus leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Déanann na scoláirí athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaim agus forbraíonn siad mothúchán d'úinéireacht agus de fhreagracht as a bhfoghlaim</p>	<p>Déanann na scoláirí measúnú ar a ndul chun cinn agus tá siad eolach ar a láidreachtaí agus réimsí forbartha mar fhoghlaim.</p> <p>Tá siad bródúil as a gcuid oibre agus leanann siad an treoir a fhaigheann siad chun í a fheabhsú.</p> <p>Déanann siad machnamh ar a gcuid iompraíochta agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, agus tá siad ábalta cuidiú le spriocanna fiúntacha a shocrú dóibh féin.</p> <p>Nuair a thugann curaclam na scoile deiseanna chun é a dhéanamh, tá na scoláirí ábalta a bhfoghlaim a idirbheartú agus ar an mbealach sin a neamhspleáchas mar fhoghlaim a mhéadú.</p> <p>Glacann na scoláirí freagracht as a bhfoghlaim féin, agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama a chuirtear ar fáil dóibh chun a scileanna a fhorbairt agus a gcuid eolais a leathnú.</p>	<p>Déanann na scoláirí measúnú ar a ndul chun cinn go réalaiach agus tá siad ábalta cur síos a thabhairt ar a láidreachtaí agus réimsí forbartha mar fhoghlaim.</p> <p>Tá mothúchán úinéireachta acu i leith a gcuid oibre, tá siad bródúil aisti, agus glacann siad freagracht as í a fheabhsú.</p> <p>Déanann siad machnamh ar a gcuid iompraíochta agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, agus tá siad ábalta spriocanna pearsanta fiúntacha a shocrú mar thoradh ar a n-athmhachnamh.</p> <p>Nuair a thugann curaclam na scoile deiseanna chun é a dhéanamh, déanann na scoláirí a bhfoghlaim a idirbheartú agus ar an mbealach sin méadaíonn siad a neamhspleáchas agus a n-éifeachtacht mar fhoghlaim.</p> <p>Glacann na scoláirí freagracht as a bhfoghlaim féin, agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama a chuirtear ar fáil dóibh, agus iad siúd a aimsíonn siad iad féin, chun a scileanna a fhorbairt agus a gcuid eolais a leathnú .</p>
<p>Faigheann na scoláirí deiseanna chun na scileanna agus na dearchtaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil</p>	<p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha idir an fhoghlaim in ábhair agus réimsí éagsúla an churaclaim.</p> <p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha idir an fhoghlaim scoilbhunaithe agus an fhoghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile.</p> <p>Is féidir leis na scoláirí, le roinnt treorach, scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs eile.</p> <p>Tá na scoláirí eolach faoi na príomhscileanna atá mar bhonn leis an gcuraclam agus faoina n-ábharthacht don fhoghlaim faoi láthair agus sa todhchaí.</p> <p>Glacann siad leis na deiseanna a thugann eispéiris foghlama an churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna sin a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.</p> <p>Tá tuiscint ag na scoláirí, atá oiriúnach dá n-aois, ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus tá siad dea-mhéineach i leith an oideachais agus na hoiliúna leantai.</p>	<p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha agus dhilse idir an fhoghlaim in ábhair agus réimsí éagsúla an churaclaim.</p> <p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha agus dhilse idir an fhoghlaim scoilbhunaithe agus an fhoghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile.</p> <p>Is féidir leis na scoláirí, ar a dtreallús féin, scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs eile.</p> <p>Tá na scoláirí ábalta na príomhscileanna atá mar bhonn leis an gcuraclam a mhíniú agus tuigeann siad a n-ábharthacht don fhoghlaim faoi láthair agus sa todhchaí.</p> <p>Glacann siad leis na deiseanna a thugann eispéiris foghlama an churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna sin a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt go feasach agus go stuama.</p> <p>Tá tuiscint ag na scoláirí, atá oiriúnach dá n-aois, ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus samhlaíonn siad iad féin ag glacadh páirt san oideachas agus oiliúint leantach.</p>

Féach ar na ráitis faoi chleachtas éifeachtach ar Eispéiris Foghlaimeoirí laistigh den **chaighdeán a tugadh duit** ar an dá leathanach roimhe seo.

1. Cé chomh héifeachtach agus atá an cleachtas i mo scoil?

2. Conas a bhíonn a fhios againn? Cén fhianaise atá againn?

3. Cén réimse den chleachtas ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh?

Cuir Chuige Mheasúnaithe

1: Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú

Ta féinmheasúnú agus piarmheasúnú idirghaolmhar agus mar sin níor chóir iad a phlé ina n-aonar (Berry, 2005). Ní gá go mbeadh ceachtar den dá chineál measúnaithe ina gníomhaíocht scartha ach is féidir é a nascadh le measúnú oide.

Dar le Tenbrink (2003) tá féinmheasúnú agus piarmheasúnú fíorthábhachtach, is cuma cibé cur chuige a úsáidtear. Éilíonn féinmheasúnú agus piarmheasúnú, a chuireann béim ar an measúnú mar fhoghlaim (McF), ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin agus a oibriú amach cad ba chóir a dhéanamh chun é a fheabhsú.

Trí na cineálacha sin measúnaithe, féadann scoláirí a gcumais mheiteachognaíocha féin a fhorbairt, ina measc monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin, an cumas a fhorbairt chun breithiúnas a thabhairt ar a gcuid oibre féin agus ar obair a gcairde chomh maith le cinneadh cuí ar cad eile atá le déanamh (Berry, 2015). Cabhraíonn an féinmheasúnú le féinurraim scoláirí (pléitear tábhacht na féinurraime i bhfoghlaim scoláirí i gcaibidil 6). Ní mór do mhúinteoirí an mian agus an cumas a chothú ina gcuid scoláirí dul i gceannas ar a gcuid foghlama trí scileanna féinmheasúnaithe a fhoghlaim (Meitheal um Leasú Measúnaithe). Nuair a bhíonn féinmheasúnú agus piarmheasúnú á meas, is féidir le múinteoirí tagairt do na treoirlínte seo a leanas:

- Míneigh do na scoláirí an tábhacht atá leis an bhféinmheasúnú agus leis an bpiarmheasúnú don fhoghlaim. Léirigh na buntáistí a thagann le bheith páirteach sa mheasúnú. Cabhraigh leis na scoláirí a fheiceáil cén fiúntas a théann le bheith ag smaoineamh go gníomhach ar an gcaoi agus ar an gcúis ar tháinig siad ar an bhfreagra áirithe a fuair siad, chomh maith le pleananna a dhéanamh chun a gcuid oibre a fheabhsú.
- Cuir tús leis an bhféinmheasúnú agus leis an bpiarmheasúnú go réidh, go simplí agus ar bhealach neamhbhagrach. Chun go n-oibreoidh na measúnuithe seo, ba chóir go mbeadh féinmheasúnú agus piarmheasúnú éasca le déanamh. Is féidir féinmheasúnú agus piarmheasúnú a imeascadh sa teagasc, go mbeidh sé ina chuid nádúrtha de chleachtas an tseomra ranga. Tabhair treoir mhion do scoláirí agus d'oidí eile sula dtosóidh tú ar na próisis, a chur in iúl dóibh roimh ré céard leis a bhfuiltear ag súil uathu. D'fhéadfá deiseanna a thabhairt chun na próisis a chleachtadh i gcomhthéacsanna atá saor ó strus, go háirithe i gcásanna ina mbíonn marcanna á dtabhairt. Do phiarmheasúnú seans gur bagairt an rogha páirtnéara nó na cineálacha tuairime a cheadófaí. B'fhiú do mhúinteoirí cuimhneamh orthu sin agus piarmheasúnú á eagrú do scoláirí.
- Cinntigh go mbíonn scoláirí ag plé le critéir ratha atá soiléir. Is féidir le hoidí na critéir a thabhairt nó iad a aontú idir an múinteoir agus na scoláirí. Bí cinnte nuair a bhíonn scoláirí ag déanamh meastóireacht ar obair, go dtugann siad fianaise chuí chun tacú leis na tuairimí (nó marcanna nó gradaim) a thugtar, bunaithe ar chritéir chomhaontaithe.
- Chun tosú, b'fhiú duit comhoibriú le comhghleacaithe a d'úsáid féinmheasúnú agus piarmheasúnú cheana. Ansin, coinnigh ort ag déanamh monatóireachta ar an bpróiseas measúnaithe agus é á chur i bhfeidhm, chun foghlaim ón eispéireas.

(Arna chur in oiriúint ó 'Assessment for Learning' le Rita Berry, 2008)

Cuir Chuige Mheasúnaithe

2: Measúnú Malartach

Bheadh sé dodhéanta liosta iomlán a dhéanamh de straitéisí measúnú malartach. A fhad is go gcuireann an straitéis bonn eolais faoi fhoghlaim scoláirí agus nach measúnú traidisiúnta scrúdú-bunaithe atá ann, beifear á áireamh ina mheasúnú ailtéarnach. Ar na samplaí de straitéisí measúnú malartach áirítear punanna, dialanna, tuairimí, taispeántais, láithreoireachtaí ó bhéal, turgnaimh, agallaimh agus tionscadail. Is féidir áfach, straitéisí measúnú malartach a ghrúpáil ina gcatagóirí leathana de réir a sainchomharthaí sóirt. Óna nádúr, is féidir measúnuithe malartacha a rangú ina “dtáirgí” agus ina “léirithe”, ó tharla i ngach cás go mbeidh an toradh foghlama atá á mheas i bhfoirm táirge, amhail páipéar taighde nó tuairisc eolaíochta, nó ina léiriú, amhail láithreoireacht ó bhéal nó taispeántas ar nós imeachta sa tsaotharlann.

Bunús na gcineálacha measúnú malartach, amhail punanna, tionscadail agus dialanna foghlama, tá siad ag teacht i bhfírinne le fealsúnacht “an mheasúnaithe chun foghlama” ina mbíonn an bhéim ar an bhfoghlaim a chur chun cinn. Sa leagan amach seo, is próiseas leanúnach é an measúnú ina ndéanann múinteoirí fáthmheas ar fhadhbanna foghlama, monatóireacht ar fhoghlaim scoláirí agus an fhoghlaim a fhorbairt trí aiseolas ar ardchaighdeán a thabhairt dóibh, chomh maith le teagasc a athrú ag brath ar na torthaí foghlama. Tá sé i gceist sa chineál sin measúnaithe go mbeidh an measúnú ina chuid lárnach den eispéireas foghlama. Is féidir leis scoláirí a spreagadh trí roinnt fíorghníomhaíochtaí measúnaithe a leabú sna próisis foghlama. Nuair a oibríonn scoláire ar thascanna agus ar phíosaí oibre atá ‘fíor’, is nádúrtha agus is fiúntaí a bhíonn sealbhú an eolais agus na scileanna foghlama dá bharr. Os a choinne sin, nuair a mhúnlaítear an fhoghlaim ó nádúr na dtascanna, agus nuair a bhíonn níos mó saoirse ag na scoláirí sa chruth a bheith ar a bhfreagra ar thasc, ní mór a bheith aireach chun a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim thábhachtach i dtaca leis an tasc ag tarlú i bhfírinne. Spreagann na gníomhaíochtaí seo cumais scoláirí chun réimse leathan eolais a chruthú agus a chur i bhfeidhm seachas go díreach a bheith ag foghlaim stuif de ghlanmheabhair agus ag forbairt bunscileanna (Berry 2003). Spreagann an measúnú malartach scoláirí freisin chun níos mó freagrachta a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin. Is féidir deiseanna a thabhairt do scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus pleananna a dhéanamh dá gcuid riachtanais foghlama. Tugann measúnú malartach léargas leathan ar fhoghlaim scoláirí thar achar ama, ceanglaíonn sé scoláirí leis an bpróiseas foghlama, agus tugann sé aiseolas leanúnach dó scoláirí.

(Arna chur in oiriúint ó ‘Assessment for Learning’ le Rita Berry, 2008)

Cuir Chuige Mheasúnaithe

3: Measúnú Páipéir agus Pinn

Is gnách go ndeirtear gur measúnú traidisiúnta atá i gceist le trialacha páipéir agus pinn, ós rud é gur úsáideadh na trialacha sin le fada an lá mar mhodh chun breithiúnas a thabhairt ar fheidhmiú scoláirí. Faoi mar a léiríonn an téarma, bíonn ar scoláirí freagraí a scríobh i dtrialacha páipéir agus pinn i dtimpeallacht scrúdú caighdeánaithe ina mbíonn ábhar na scrúdpháipéar, na nósanna imeachta agus na critéir mharcála mar an gcéanna do gach iarrthóir. Dar le go leor daoine is iomaí tairbhe a théann le scrúduithe pinn agus páir. Ó tharla gach rud a bheith chomh caighdeánaithe, is éasca breithiúnais oibiachtúla a dhéanamh bunaithe ar na scóir a fhaigheann siad. Éascaíonn sé sin an chomparáid agus an roghnú a dhéantar agus is éasca iad a chosaint. Argóint eile ar son teisteanna pinn agus páir a scóráiltear go hoibiachtúil is ea go ligeann siad don mhúinteoir sampla mór freagraí scoláirí a bhailiú ar bhealach éifeachtúil. Seans go mbeidh a mhalairt de thuairimí ag daoine eile, agus iad den bharúil nach modh inmhianaithe measúnaithe iad trialacha páipéir agus pinn ar chor ar bith. Díríonn scrúduithe páipéir agus pinn ar réimse réasúnta teoranta torthaí foghlama agus, mura mbítear cúramach is minic nach ndíríonn siad ach ar fhaisnéis fhíorasach a thabhairt chun cuimhne. Tá roinnt scileanna agus torthaí foghlaimeora tábhachtacha nach féidir a thomhas trí mhíreanna scrúdaithe traidisiúnta a úsáid ach a éilíonn measúnú níos dírithe ar an scil ná a dhéanfar le cleachtadh páipéir agus pinn.

Ní minic a bhíonn trialacha páipéir agus pinn i gceist sa phleanáil a dhéanann múinteoirí dá gcuid measúnaithe. Bíonn múinteoirí áirithe ag brath ar pháipéir scrúdaithe atá ann cheana a chuireann múinteoirí eile ar fáil dóibh, agus is féidir le múinteoirí eile úsáid a bhaint as ábhair scrúdaithe a sholáthraítear leis na téacsleabhair a úsáidtear ina gcuid ranganna. Bíonn linn d'iar-scrúdpháipéir i mórchuid na scoileanna a bhíonn comhadaithe i gcomhair na múinteoirí. Gan amhras tugann taithí na bhfoinsí eile léargas maith ar an gcaoi a bhféadfaí scrúdpháipéir a shocrú don chohórt nua scoláirí. Bíonn a shaintréithe foghlama féin ag gach bliainghrúpa ar leith áfach. Gach bliain ní mór an t-ábhar teagaisc, na straitéisí teagaisc agus measúnaithe a chur in oiriúint do riachtanais nua. Chun go mbeidh na trialacha oiriúnach, is gá dea-phleanáil a dhéanamh. Cabhraíonn pleanáil aireach na trialach nó an mheasúnaithe le múinteoirí measúnú fiúntach a dhéanamh, óir cinntíonn an dea-phleanáil go dtomhaiseann an triail an rud atá le tomhas. Bealach coitianta chun plean scrúduithe a dhéanamh is ea cuspóirí an mheasúnaithe a shocrú, agus ansin breathnú ar an ábhar a chlúdófar, an t-ábhar a ailíniú leis na cuspóirí, agus ansin míreanna scrúdaithe a shocrú, mar aon le critéir mheasúnaithe agus gnáis riaracháin. Chun plean scrúduithe a dhéanamh atá níos dílse don McF, is féidir é a fhorbairt ar bhealach eile leis na trí phríomhghné seo a leanas:

- Na torthaí / intinní / spriocanna / cuspóirí foghlama a shonrú.
- Sonraíochtaí scrúduithe a ullmhú a léiríonn réimse leathan foghlama.
- Míreanna scrúduithe a chumadh a thugann dúshlán foghlaim dhomhain.

(Arna chur in oiriúint ó 'Assessment for Learning' le Rita Berry, 2008)

Breathnaigh ar na ráitis maidir le cleachtas éifeachtúil ar **Chomhchleachtas / Cleachtas Comhoibríoch Múinteoirí laistigh de chaighdeán 3 thíos:**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEAHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEAHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é.</p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisctint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire.</p>	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile.</p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé bunaithe ar an gcomhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisctint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus tógtar orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil.</p>

1. Cá bhfuilimid?

2. Cá fhad a tháinig muid?

3. Cá fhad atá le dul againn?

Tóg nóiméad chun léamh síos trí na ráitis foghlama a tugadh duit agus oibrigh amach cén áit a bhfeiceann tú an bhéim ar **scoláirí a bheith lárnach maidir lena gcuid foghlama**

1. Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1⁵.
2. Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.
3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.
4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.
5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
6. Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.
7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.
9. Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórtimpeall air/uirthi.
10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
11. Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
12. Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.
14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.
15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.
16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.
17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla.
18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu.
19. Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.
20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.
21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.
22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.
23. Tugann an scoláire smaoinemh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.
24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoinemh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

⁵ Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). Is í T2 an dara teanga (Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge).

Aiseolas Éifeachtach



Céard iad na cleachtais aiseolais a chleachtann tú?



Cad iad na tairbhí agus na deacrachtaí leo sin?



Cén ról a bhíonn ag an scoláire iontu?

Breathnaigh ar na ráitis maidir le cleachtas éifeachtúil ar **Chleachtas Aonair Múinteoirí i gCaighdeán 2 thíos agus déan athbhreithniú ar na ceisteanna ar an leathanach a leanann**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí.</p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhaíochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna.</p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré acmhainní atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga.</p> <p>Áiríonn ullmhúchán na múinteoirí ullmhúchán don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí ar chuspóirí foghlama beartaithe an cheachta, nó na sraithe de cheachtanna, ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin.</p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí maidir lena gcuid oibre.</p> <p>Roinneann na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú.</p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus roinnt.</p>	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí. Léiríonn cuspóirí foghlama cur chuige forbarthach agus céimneach chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.</p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhaíochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna. Tá dearadh an cheachta solúbtha chun deiseanna foghlama atá ag teacht chun cinn a cheadú.</p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí go críochnúil roimh ré acmhainní atá curtha in oiriúint chun meaitseáil a dhéanamh le cuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga agus riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</p> <p>Áiríonn ullmhúchán na múinteoirí ullmhúchán don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama, lena n-áirítear deiseanna foghlama pearsanaithe, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile d'fhoghlaim na scoláirí ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. Cuireann na múinteoirí straitéisí measúnaithe in oiriúint chun freastal ar riachtanais foghlama aonair.</p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí. Baineann na múinteoirí úsáid as aiseolas chun oibriú leis na scoláirí ar straitéisí soiléire d'fheabhsúchán.</p> <p>Roinneann agus comhchruthaíonn na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú, agus ainmníonn siad réimsí feabhsúcháin agus straitéisí chun feabhsú a bhaint amach.</p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus comhroinnt, agus curtha in oiriúint do riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</p>

1. Cé chomh héifeachtach agus atá mo chleachtas?

2. Conas a bhíonn a fhios agam? Cén fhianaise atá agam?

3. Cén réimse den chleachtas ina bhfuil spás le feabhsú?

Is cineál cumarsáide é an tuairisciú go bunúsach ...

Rita Berry, 2008

1. Cén t-eolas a bhíonn muid a thabhairt?

2. Conas a thugtar é?

3. Cé dó a dtugtar é?

4. Conas a chabhraíonn se le foghlaim?



Cén phríomhfhoghlaim a rinne tú inniu?

Conas a rachaidh sé sin i bhfeidhm ort ó thaobh do ghairme?

Céard iad na céimeanna ar mhaith libh a ghlacadh, mar fhoireann iomlán?

Nótaí

Nótaí

Comhoibriú

Guth

Machnaimh



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior**CYCLE**
for teachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Sonraí Teagmhála;

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

LMETB,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.

Le haghaidh gach fiosrúchán, téigh i dteagmháil le;

info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter

 @JCforTeachers

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie